Míreanna Saoire

Pléigh an dóigh a rachaidh athruithe ar scarbhileog i bhfeidhm ar an toradh deiridh.

Bain úsáid as an scarbhileog a tugadh duit leis na gníomhaíochtaí seo a chomhlánú.

Cuid 1

Thig le hóstán gníomhaíochtaí breise a shocrú dá chuid aíonna, ach caithfidh siad íoc astu! Bain úsáid as scarbhileog chun oibriú amach cá mhéad a bheidh ar gach aoi a íoc as na gníomhaíochtaí breise. Taispeánann an scarbhileog na míreanna breise agus na costais atá orthu. Leis na gníomhaíochtaí ba mhaith le daoine gach lá sa tseachtain a iontráil, cliceáil ar bhosca do gach tasc, agus nochtfar tic. Cliceáil ar an bhosca arís leis an tic a bhaint ar shiúl. Oibríonn an scarbhileog an costas iomlán amach don aoi.

Cuir an t-eolas a bhaineann leis na haíonna seo a leanas san óstán isteach sa scarbhileog chomh maith leis na gníomhaíochtaí breise ba mhaith leo. Ríomh an costas iomlán agus priontáil* an scarbhileog chomhlánaithe.



* I dtús báire, athraigh an Chumraíocht Leathanaigh go Tírdhreach:
File →Page Setup →Landscape →OK

Míreanna Saoire

1) Ba mhaith leis an Uas. Mac Shéamais:
   - bricfeasta sa leaba gach lá;
   - carr a fháil ar cíos Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh;
   - cúirt leadóige a chur in áirithe Déardaoin;
   - rothar a fháil ar cíos Dé Luain agus Déardaoin;
   - ceachtanna tonnmharcaíochta a fháil Dé Céadaoin agus Dé hAoine;
   - bád a fháil ar cíos Dé Máirt.

Sábháil an obair chomhlánaithe i d'fhillteán "My Documents" agus priontáil cóip.

2) Leag Áine Ní Mhurchaidh a hiarratais amach ar dhóigh éagsúil. Ba mhaith léi:
   - Dé Luain: Bricfeasta sa leaba, carr a fháil ar cíos;
   - Dé Máirt: Bricfeasta sa leaba, cúirt leadóige a chur in áirithe;
   - Dé Céadaoin: Carr a fháil ar cíos, ceacht tonnmharcaíochta a fháil;
   - Déardaoin: Bricfeasta sa leaba, carr a fháil ar cíos, ceacht tonnmharcaíochta a fháil;
   - Dé hAoine: Bricfeasta sa leaba, bád a fháil ar cíos;
   - Dé Sathairn: Carr a fháil ar cíos, cúirt leadóige a chur in áirithe, ceacht tonnmharcaíochta a fháil;
   - Dé Domhnaigh: Bricfeasta sa leaba, rothar a fháil ar cíos, bád a fháil ar cíos.

Míreanna Saoire

Cá mhéad airgid a chaithfidh Áine a íoc ar fad?

3) Sula n-insítear d'Áine an costas iomlán, lena cuid míreanna breise san áireamh, faightear ríomhphost ó chomhlacht a ligeann carranna agus rothair amach ar cíos:
   - Athraigh scarbhileog Áine leis na praghsanna úra a chur san áireamh, agus oibrigh amach na costais úra a bheidh aici.
   - Sábháil do scarbhileog i d'fhillteán doiciméad.

Price changes - Message (Rich Text)

File Edit View Insert Format Tools Actions Help

Send | Options... | Arial | 10 | B

To... Gach comhlacht saoire

Cc...

Subject: Athruithe Praghsanna

A Dhuine Uasail,

Seo thíos na hathruithe ar ár bpraghsanna , le haghaidh carranna agus rothair a fháil ar cíos:

Carranna: Ísliú praghais: Praghas úr £25 sa lá
Rothair: Ardú praghais: Praghas úr £12 sa lá

Cuir na hathruithe seo in iúl dár gcustaiméirí uile láithreach le do thoil

Tessa Cooper
Grian Carranna agus Rothair.

t.cooper@grian.org

   - Priontáil cóip.

Seiceáil do chuid oibre le do chairde agus féach cé acu an bhfuil athruithe le déanamh nó nach bhfuil.

Míreanna Saoire

Cuid 2

Tá deireadh le séasúr na saoirí agus faigheann tú an t-eolas seo a leanas:

Beidh méadú costais ar gach earra don bhliain seo chugainn de réir an liosta seo a leanas:

MÍR BHREISE	PRAGHAS NA BLIANA ANURAIDH	MÉADÚ PRAGHAIS	PRAGHAS NA BLIANA SEO CHUGAINN
Bricfeasta sa Leaba	€5.00	20%	
Carr ar Cíos	€25.00	20%	
Cúirt Leadóige	€15.00	20%	
Rothar ar Cíos	€12.00	25%	
Bád ar Cíos	€45.00	10%	
Ceacht Tonnmharcaíochta	€20.00	10%	

Míreanna Saoire

- Oscail an chéad scarbhileog. Oibrigh amach na praghsanna úra don bhliain seo chugainn, agus athraigh an scarbhileog dá réir.
- Agus an scarbhileog úr in úsáid agat, fiosraigh an dóigh le Costas Iomlán de £850 a fháil.
- Sábháil do scarbhileog i d'fhillteán doiciméad.
- Priontáil scarbhileog a thaispeánann Costas Iomlán de £850.

Seiceáil do chuid oibre le do chairde agus féach cé acu an bhfuil athruithe le déanamh nó nach bhfuil.